II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2021/990 ÓN gCOMHAIRLE

an 7 Meitheamh 2021

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chúba de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT), comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha i ndáil le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le pointe (a)(v) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachtaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Meitheamh 2018, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún le tús a chur le caibidlíochtaí de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) maidir le cionroinnt na gcuótaí ráta taraife a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

(2) Tugadh caibidlíochtaí le Poblacht Chúba chun críche an 3 Iúil 2020 nuair a cuireadh inisealacha le Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chúba de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT), comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha i ndáil le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ("an Comhaontú").

(3) Síníodh an Comhaontú thar ceann an Aontais an 11 Márta 2021, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2020/1484 ón gComhairle ([1]).

(4) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

([1]) Cinneadh (AE) 2020/1484 ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2020 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chúba de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT), comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha i ndáil le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 343, 16.10.2020, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chúba de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT), comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha i ndáil le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach a fhormheas thar ceann an Aontais ([2]).

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear sa Chomhaontú ([3]).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 7 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
F. VAN DUNEM

([2]) Ní ann do théacs an Chomhaontaithe sa Ghaeilge.
([3]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.